Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10994 — LIBERTY GLOBAL / FLUVIUS / NETCO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 143/05)

1. An 18 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Liberty Global plc ("Liberty Global", an Ríocht Aontaithe),

— Fluvius System Operator CV ("Fluvius", an Bheilg),

— NetCo, cuideachta nua-chruthaithe.

Gheobhaidh Liberty Global agus Fluvius rialú comhpháirteach ar NetCo de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta idirnáisiúnta cóineasaithe um sheirbhísí idirlín leathanbhanda, físeán, teileafónaíochta líne fosaithe agus cumarsáide móibílí é Liberty Global i roinnt Ballstát, lena n-áirítear trí Telenet sa Bheilg agus i Lucsamburg. Is oibreoir líonra cábla agus mhóibíligh é Telenet agus is cuideachta físe é. Tá sé ina phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí idirlín leathanbhanda, teileafónaíochta seasta, cumarsáide móibílí agus físeán a sholáthar do chustaiméirí ar fud Fhlóndras, i gcodanna den Bhruiséil, agus i roinnt bardas sa Vallúin. Ina theannta sin, freastalaíonn Telenet ar an margadh gnó sa Bheilg agus i Lucsamburg le réitigh nascachta, óstála agus slándála.

— Is cuideachta Pléimeannach é Fluvius a oibríonn líonra fóntais ar líonra ilfhóntais é le haghaidh 11 chumann ar cumainn idirphobail Phléimeannacha iad, agus tá sé faoi úinéireacht ag na cumainn sin. Rinne na Cumainn Idirphobail ([2]) an fhreagracht as tógáil, bainistiú agus cothabháil na n-eangach dáileacháin le haghaidh leictreachais, gáis nádúrtha, séarachais agus teasa a tharmligean chuig Fluvius, agus bainistíonn Fluvius an córas soilsithe phoiblí cathrach i bhFlóndras freisin. Oibríonn Fluvius líonra FTTP teoranta agus soláthraíonn sé seirbhísí nascachta gnó teoranta freisin.

3. Cuirfidh Telenet agus Fluvius sócmhainní bonneagair um líonra teileachumarsáide seasta atá faoi úinéireacht Telenet agus na gCumann Idirphobail faoi láthair ar fáil don JV. Déanfaidh an JV líonra measctha um shnáithín hibrideach comhaiseach ("HFC") / um Shnáithín go hÁitreabh ("FTTP") a oibriú agus a leathadh amach tuilleadh laistigh de lorg geografach reatha Telenet agus Fluvius. Cuirfidh sé líonra oscailte ar fáil a thabharfaidh rochtain mhórdhíola ar choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha d'oibreoirí teileachumarsáide miondíola ar tríú páirtithe leasmhara iad. Cuirfidh Telenet agus Fluvius a naisc snáithíní dorcha ar fáil don JV freisin ionas go mbeidh an JV freagrach as na naisc snáithíní dorcha a dhéantar a thráchtálú faoi láthair ag Fluvius a dhíol ar a líonra ar théarmaí oscailte agus neamh-idirdhealaitheacha. Ceapfar Telenet mar dháileoir eisiach na gcodanna eile de líonra snáithín dorcha an JV.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is cineál comhair idirbhardasaigh iad na Cumainn Idirphobail dá bhforáiltear faoi Fhoraithne ó Fhlóndras an 22 Nollaig 2017 maidir le rialachas áitiúil (Decreet van 22 december 2017 over het lokaal bestuur). Is féidir le cathracha agus bardais Fhlóndras na cineálacha comhair sin a bhunú mar uirlis chun a gcuspóirí a bhaint amach i réimse beartais amháin nó níos mó.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10994 — LIBERTY GLOBAL / FLUVIUS / NETCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË